Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026
(OR. en)**

**7849/26**

**CDR 54**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar naonúr comhaltaí, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litir dar dháta an 21 Samhain 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Ricardo Bruno ANTUNES MACHADO RIO, Pedro Miguel CÉSAR RIBEIRO, Luis Miguel CORREIA ANTUNES, Basílio Adolfo DE MENDONÇA HORTA DA FRANCA, Aires Henrique DO COUTO PEREIRA, Vítor Manuel MARTINS GUERREIRO, José Manuel PEREIRA RIBEIRO, José Agostinho RIBAU ESTEVES, agus Carlos André TELES PAULO DE CARVALHO, comhaltaí de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 15790/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críche a n-ionadaithe, mhol Rialtas na Portaingéile[2] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil: Luís António DA ENCARNAÇÃO, *Presidente da Câmara Municipal de Lagoa, Algarve* (Méara Lagoa, Algarve), Inês DE SAINT-MAURICE ESTEVES DE MEDEIROS VICTORINO DE ALMEIDA, *Presidente da Câmara Municipal de Almada* (Méara Almada), Hugo Manuel DOS SANTOS MARTINS, *Presidente da Câmara Municipal de Odivelas* (Méara Odivelas), Carlos Manuel FÉLIX MOEDAS, *Presidente da Câmara Municipal de Lisboa* (Méara Liospóin), José Manuel GONÇALVES, *Presidente da Câmara Municipal de Peso da Régua* (Méara Peso da Régua), Luís Filipe MENEZES LOPES, *Presidente da Câmara Municipal de Gaia* (Méara Gaia), Luísa Maria NEVES SALGUEIRO, *Presidente da Câmara Municipal de Matosinhos* (Méara Matosinhos), Maria Helena TEODÓSIO GOMES DE OLIVEIRA, *Presidente da Câmara Municipal de Cantanhede* (Méara Cantanhede), agus João VASCONCELOS BARROS RODRIGUES, *Presidente da Câmara Municipal de Braga* (Méara Braga), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 7850/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 7595/26.